Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**13342/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0241(COD)**

**AGRI 452**
**AGRIFIN 105**
**FIN 1124**
**CADREFIN 234**
**CODEC 1378**
**ENV 905**
**FORETS 78**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Tograí maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta tar éis 2027: an ailtireacht ghlas |

San iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo tá an nóta cúlra ón Uachtaránacht agus na ceisteanna treoracha don chruinniú a bheidh ag an gComhairle an 27 agus an 28 Deireadh Fómhair.

**IARSCRÍBHINN**

**An Comhbheartas Talmhaíochta tar éis 2027 – an Ailtireacht Ghlas**

An 16 Iúil 2025, thíolaic an Coimisiún a thogra maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta tar éis 2027. Ag an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 22 agus an 23 Meán Fómhair 2025, chuir an Uachtaránacht in iúl do na toscaireachtaí go n-eagródh sí plé téamach maidir le gnéithe éagsúla den togra ag na cruinnithe a bheidh ag an gComhairle amach anseo. Díreoidh an chéad phlé, ag cruinniú na Comhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 27 agus 28 Deireadh Fómhair 2025, ar an ailtireacht ghlas. Pléadh an t-ábhar cheana féin ar leibhéal na saineolaithe agus sa Choiste Speisialta um Thalmhaíocht.

Leis an togra ón gCoimisiún, tugtar isteach roinnt athruithe struchtúracha ar an ailtireacht ghlas. Ar an gcéad dul síos, dá gcuirfí deireadh leis an struchtúr dhá cholún, ní bheadh feidhm ach ag sraith amháin rialacha maidir le bearta glasa ar fud an Chomhbheartais Talmhaíochta. Ar an dara dul síos, tugann an Coimisiún córas maoirseachta feirme isteach chun teacht in ionad an chórais coinníollachta. Ar an tríú dul síos, tugtar isteach ionstraim thacaíochta nua chun aistriú chuig córais táirgthe níos athléimní. Ar an gceathrú dul síos, cé go ndéantar íosmhéid a imfhálú chun an Comhbheartas Talmhaíochta a chur chun feidhme i ngach Ballstát, bheadh na Ballstáit in ann a roghnú codanna de na cistí nach bhfuil curtha in áirithe ina bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí a thiomnú don talmhaíocht, lena n-áirítear cistí le haghaidh bearta glasa. Agus ina dhiaidh sin ar fad, tá deireadh tagtha leis an imfhálú glas sa Chomhbheartas Talmhaíochta atá ann faoi láthair. Mar sin féin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún sásra rianaithe buiséid a thabhairt isteach maidir le rannchuidiú na bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí le cuspóirí aeráide agus comhshaoil an Aontais a bhfuil cuspóir 43 % acu, agus an fhéidearthacht leithdháileadh íosta a iarraidh i bPlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí Ballstáit bunaithe ar mheasúnú an Choimisiúin ar dhul chun cinn an Bhallstáit maidir le spriocanna aeráide agus dúlra an Aontais a bhaint amach.

Tá tábhacht mhór ag baint le haistriú glas na talmhaíochta i gcónaí chun cuspóirí aeráide agus comhshaoil an Aontais a bhaint amach. Ag an am céanna, tá an t-athrú aeráide ag cur isteach níos mó agus níos mó ar fheirmeoirí agus ar shlándáil an tsoláthair bia, rud a tharraingíonn aird ar an ngá atá le hoiriúnú. Molann an Uachtaránacht go mbreithneodh measúnú na Comhairle ar an ailtireacht ghlas a mhéid a dhéanann an togra (1) na rialacha glasa d’fheirmeoirí agus do chórais riaracháin a shimpliú, (2) an t-aistriú glas a dhéanamh níos tarraingtí d’fheirmeoirí, agus (3) cothrom iomaíochta a áirithiú idir feirmeoirí agus idir na Ballstáit araon. Chuige sin, is éard atá sa nóta seo cur síos ar phríomhghnéithe na hailtireachta glaise agus dhá cheist threoracha chun idirghabhálacha na n-airí a stiúradh ag cruinniú na Comhairle.

Rialachas

Molann an Coimisiún moltaí náisiúnta a eisiúint lena dtabharfar treoir do gach Ballstát maidir leis an gcaibidil talmhaíochta ina Phlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí. D'áireofaí ar chuspóirí na moltaí feabhas a chur ar ghníomhú ar son na haeráide, soláthar seirbhísí éiceachórais, réitigh chiorclacha, caomhnú na bithéagsúlachta agus acmhainní nádúrtha, feirmeoireacht inbhuanaithe agus feabhas a chur ar leas ainmhithe. Agus a bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí á dtarraingt suas acu, bheadh sé d'oibleagáid ar na Ballstáit údar cuí a thabhairt, bunús a thabhairt agus gnéithe a leagan amach lena dtabharfaí aghaidh go héifeachtach ar na dúshláin uile arna sainaithint ag an gCoimisiún ina gcuid moltaí, nó ar fhothacar suntasach díobh. Má mheasann an Coimisiún go gcomhlíonann an plean na critéir a leagtar síos, molfaidh sé cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle. Bheadh aisíocaíocht chaiteachas na mBallstát bunaithe ar gharspriocanna agus spriocanna réamhshainithe le haghaidh infheistíochtaí a bheith bainte amach, agus i gcás idirghabhálacha limistéarbhunaithe agus ainmhíbhunaithe, bheadh sé bunaithe ar na haschuir a baineadh amach.

Maoirseacht feirme

Mhol an Coimisiún coincheap nua maidir le maoirseacht feirme in ionad an chórais coinníollachta. Cé go gcoinneofaí coinníollacht shóisialta agus an ceanglas atá ar fheirmeoirí reachtaíocht an Aontais atá ann cheana a chomhlíonadh, d'iarrfaí ar na Ballstáit tuairisc ar roinnt cleachtais chosanta a chur san áireamh ina bPlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí nach mór d'fheirmeoirí a chur chun feidhme chun an méid iomlán tacaíochta a fháil faoi roinnt idirghabhálacha. Tagann sé sin in ionad choincheap an dea-reachta talmhaíochta agus comhshaoil. Mheasfaí an tacaíocht atá faoi réir an chórais maoirseachta feirme a bheith comhlíontach leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh'.

Ní mór do na Ballstáit cleachtais chosanta a shainiú lena mbainfear amach na cuspóirí seo a leanas: (a) ithreacha ar mhórán carbóin, gnéithe tírdhreacha agus féarthailte buana a chosaint i limistéir thalmhaíochta; (b) ithir a chosaint ar chreimeadh, acmhainn na hithreach a chaomhnú, ábhar orgánach san ithir a chothabháil, lena n-áirítear trí uainíocht na mbarr nó éagsúlú, chomh maith le cosaint ar choinleach a dhó ar thalamh arúil; (c) agus uiscebhealaí agus screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar rith chun srutha.

Is ar leibhéal an Aontais a shainítear dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil faoi láthair. Dá bhrí sin, thabharfaí isteach leis an togra níos mó solúbthachta do na Ballstáit chun cleachtais chosanta a fhorbairt a bheadh oiriúnaithe do dhálaí náisiúnta, ag brath ar fhormheas an Choimisiúin ar na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí. Féadfaidh na Ballstáit, faoi choinníollacha áirithe, díolúintí agus maoluithe sonracha a bhunú maidir leis na cleachtais chosanta. Mheasfaí feirmeacha atá deimhnithe mar fheirmeacha orgánacha a bheith comhlíontach le cuid de chuspóirí na gcleachtas cosanta. Bheadh gabháltais bheaga díolmhaithe ó mhaoirseacht feirme freisin.

Tá rogha nua ann freisin maidir le coibhéiseacht, a fhágfaidh go mbeifí in ann a mheas go bhfuil feirmeoirí a ghlacann le scéim tacaíochta níos déine ná cleachtas cosanta ar leith comhlíontach leis an gcleachtas cosanta sin. Ar deireadh, d'fhéadfadh feirmeoirí tacaíocht a fháil chun na cleachtais chosanta a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun dá dtairgfeadh na Ballstáit scéimeanna tacaíochta glasa deonacha, na cleachtais sin san áireamh. Spreagann an Coimisiún an t-athrú sin mar chuid den aistriú ó cheanglais go dreasachtaí.

Réimsí tosaíochta comhshaoil agus aeráide

Chaithfeadh na Ballstáit tacaíocht a chur ar fáil d'fheirmeoirí agus do thairbhithe eile i ngach ceann ar a laghad de na réimsí tosaíochta comhshaoil agus aeráide seo a leanas: (a) oiriúnú don athrú aeráide agus athléimneacht uisce; (b) maolú ar an athrú aeráide lena n-áirítear aistrithe carbóin agus táirgeadh fuinnimh in-athnuaite ar an bhfeirm, lena n-áirítear táirgeadh bithgháis; (c) sláinte ithreach; (d) bithéagsúlacht a chaomhnú, mar shampla gnáthóga nó speicis a chaomhnú, gnéithe tírdhreacha, úsáid lotnaidicídí a laghdú; (e) forbairt na feirmeoireachta orgánaí; agus (f) sláinte agus leas ainmhithe.

Féadfaidh an tacaíocht do na réimsí tosaíochta sin a bheith i bhfoirm íocaíochtaí le haghaidh míbhuntáistí a eascraíonn as ceanglais éigeantacha áirithe, gníomhaíochtaí agra-chomhshaoil agus aeráide nó tacaíocht d'infheistíochtaí le haghaidh feirmeoirí agus sealbhóirí foraoise. Chaithfeadh na Ballstáit ina bhfuil limistéir a bhfuil tionchar ag truailliú uisce orthu mar gheall ar bharrachas níotráite tacaíocht a chur ar fáil d'fheirmeoirí chun na córais bheostoic a leathnú nó chun gníomhaíochtaí talmhaíochta eile a éagsúlú.

Íocaíocht do mhíbhuntáistí a thagann as ceanglais éigeantacha áirithe

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an fhéidearthacht tacaíocht a dheonú do tháirgeadh talmhaíochta i limistéir a ndéanann cur chun feidhme na dTreoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga agus na Treorach Réime maidir le hUisce difear dóibh a choinneáil ann. Mar athrú ar na rialacha atá ann faoi láthair, ní bheadh ach feirmeoirí, sealbhóirí foraoise agus a gcomhlachais incháilithe don tacaíocht sin.

Gníomhaíochtaí agra-chomhshaoil agus aeráide

Chaithfeadh na Ballstáit dreasachtaí a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí a rachaidh chun tairbhe don aeráid, don chomhshaol, do shláinte agus leas ainmhithe agus don fhoraoiseacht inbhuanaithe. Bheadh na gníomhaíochtaí sin deonach do na feirmeoirí agus d'fhéadfaidís a bheith bliantúil nó ilbhliantúil.

Ina theannta sin, molann an Coimisiún cineál nua tacaíochta cnapshuime a thabhairt isteach chun aistriú chuig feirmeoireacht atá níos athléimní. Tharraingeodh feirmeoirí plean gníomhaíochta aistrithe suas arna fhormheas ag an údarás bainistíochta chun cistiú a fháil (suas le EUR 200 000) chun an t-aistriú chuig córais táirgthe atá níos athléimní a chur chun feidhme, lena n-áirítear tiontú go feirmeoireacht orgánach agus leathnú na gcóras táirgthe beostoic. D'íocfadh na Ballstáit an tacaíocht i dtráthchodanna thar thréimhse chur chun feidhme an phlean gníomhaíochta aistrithe, agus bheadh an tráthchuid dheireanach ag brath ar chur i gcrích an phlean.

I gcás ina bhforchuirtear leis an dlí náisiúnta ceanglais a théann thar na híoscheanglais éigeantacha chomhfhreagracha a leagtar síos i ndlí an Aontais, is féidir leis na Ballstáit tacaíocht a thabhairt freisin do ghealltanais bhainistíochta dheonacha arna nglacadh ag feirmeoirí agus tairbhithe eile a rannchuidíonn le comhlíonadh na gceanglas sin. D'fhéadfadh an rogha sin na Ballstáit a spreagadh chun bogadh ar aghaidh le tionscnaimh náisiúnta uaillmhianacha agus a áirithiú ag an am céanna nach n-imreofar tionchar diúltach ar a bhfeirmeoirí ó thaobh na tacaíochta a d'fhéadfaidís a fháil ón Aontas. Tá an ghné nua sin san áireamh freisin sa togra 'omnibus' ón gCoimisiún maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta a shimpliú, togra a cuireadh i láthair i mí na Bealtaine 2025.

Tacaíocht don infheistíocht

Chaithfeadh na Ballstáit tacaíocht a thairiscint d'infheistíochtaí le haghaidh feirmeoirí agus sealbhóirí foraoise, agus rannchuidiú foriomlán iomchuí á dhéanamh acu le hathléimneacht na talmhaíochta, na gcóras bia, na foraoiseachta agus na limistéar tuaithe, go háirithe athléimneacht aeráide agus uisce. D'fhéadfadh infheistíochtaí a rannchuidíonn leis an aistriú glas a bheith táirgiúil agus neamhtháirgiúil araon, agus an ráta tacaíochta d'fheirmeoirí agus do shealbhóirí foraoise teoranta do 75 % don dá chineál infheistíochta, cé is moite d'fheirmeoirí óga. I gcás ina bhforchuirtear ceanglais nua ar fheirmeoirí le dlí an Aontais, is féidir leis na Ballstáit tacaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí a chuidíonn le feirmeoirí na ceanglais sin a chomhlíonadh. Is féidir é sin a dhéanamh ar feadh suas le 3 bliana tar éis an ceanglas a bheith éigeantach don fheirm, nó i gcás feirmeoirí óga, ón tráth a bhunaítear é, nó go dtí go gcuirtear gníomhaíochtaí gaolmhara atá mar chuid de phlean gnó i gcrích.

Gnéithe airgeadais agus imfhálú le haghaidh bearta glasa

Faoi mhéid imfhálaithe na bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí, molann an Coimisiún ráta cómhaoinithe náisiúnta 30 % ar a laghad le haghaidh íocaíochtaí a dhéantar le feirmeoirí nó le sealbhóirí foraoise as míbhuntáistí a eascraíonn as ceanglais éigeantacha áirithe, as gníomhaíochtaí agra-chomhshaoil agus aeráide agus as tacaíocht d'infheistíochtaí d'fheirmeoirí agus do shealbhóirí foraoise. Faoin méid nach bhfuil imfhálaithe, is é 15 % ar a laghad an t-íosráta ranníocaíochta náisiúnta do réigiúin bheagfhorbartha agus 15 %, 40 % do réigiúin trasdula agus 60 % do réigiúin fhorbartha. Faoin gcóras dhá cholún atá ann faoi láthair, níl aon ráta cómhaoinithe náisiúnta ann d'éiciscéimeanna faoi Cholún I agus tá ráta cómhaoinithe náisiúnta 20 % ar a laghad ann le haghaidh bearta glasa faoi Cholún II.

Sa tréimhse reatha, tá feidhm ag ráta 25 % don imfhálú glas i gColún I agus ráta 35 % i gColún II maidir le gach Ballstát. Sa togra, níl aon imfhálú glas ar leith ann don Chomhbheartas Talmhaíochta. Meastar go leithdháilfear 43 % de bhuiséad an Phlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí ar chuspóirí aeráide agus comhshaoil. Mar sin féin, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar na Ballstáit leithdháileadh íosta níos ísle nó níos airde a thabhairt do bhearta glasa, agus measúnú an Choimisiúin ar dhul chun cinn na mBallstát maidir lena spriocanna aeráide 2030 le haghaidh talmhaíochta, iompair agus foirgneamh a bhaint amach (an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill) agus an Rialachán maidir le hAthchóiriú an Dúlra á gcur san áireamh.

***

I bhfianaise an mhéid thuas, molann an Uachtaránacht na ceisteanna seo a leanas:

1. *Cá mhéad a bhaineann an togra an cuspóir amach, is é sin, é a dhéanamh níos simplí agus níos tarraingtí d'fheirmeoirí an t-aistriú glas a bhaint amach?*

2. *Ós rud é nach bhfuil imfhálú glas sonrach ann don Chomhbheartas Talmhaíochta sa togra ón gCoimisiún, conas is féidir cothrom iomaíochta a áirithiú d'fheirmeoirí a mhéid a bhaineann leis an aistriú glas?*